



An Bhruiséil, 2 Nollaig 2019
(OR. en)

14744/19

DAPIX 359
CRIMORG 164
ENFOPOL 525
ENFOCUSTOM 199
JAI 1289

TORADH NA nIMEACHTAÍ

Ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

An: 2 Nollaig 2019

chuig: na toscaireachtaí

Uimh. an doic. 14058/19
roimhe seo:

Ábhar: Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chun feidhme na bhforálacha ginearálta i ndáil le cosaint sonraí, atá i gCaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle
– An mheastóireacht a rinneadh ar an Ríocht Aontaithe maidir le sonraí dachtalascópacha a mhalartú go huathoibríoch

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chun feidhme na bhforálacha ginearálta i ndáil le cosaint sonraí, atá i gCaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle, a ghlac an Chomhairle, ag an 3641ú cruinniú a bhí aici, ar an 2 Nollaig 2019.

CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le cur chun feidhme na bhforálacha ginearálta i ndáil le cosaint sonraí atá
i gCaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle**

**An mheastóireacht a rinneadh ar an Ríocht Aontaithe maidir le sonraí dachtalascópacha a
mhalartú go huathoibríoch**

1. De réir Airteagal 25(2) de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle, ní sholáthrófar na sonraí pearsanta dá bhforáiltear faoin gCinneadh go dtí go mbeidh na forálacha maidir le cosaint sonraí atá leagtha amach i gCaibidil 6 den Chinneadh curtha chun feidhme i ndlí náisiúnta chríocha na mBallstát a bhfuil baint acu leis an soláthar sin. Ní mór don Chomhairle cinneadh d'aon toil cé acu ar comhlíonadh an coinníoll sin nó nár comhlíonadh. Níl feidhm ag an bhforáil sin i dtaca leis na Ballstáit sin ina bhfuil tús curtha cheana le soláthar sonraí pearsanta dá bhforáiltear de bhun “Conradh Prüm” (2005).
2. De réir Airteagal 20 de Chinneadh 2008/616/CGB, is ar bhonn tuarascáil mheastóireachta arna bunú ar cheistneoir is ceart comhlíontacht an choinníll thuasluaite a fhíorú. Maidir le sonraí a mhalartú go huathoibríoch i gcomhréir le Caibidil 2 de Chinneadh 2008/615/CGB, tá an tuarascáil mheastóireachta le bunú ar chuairt mheastóireachta agus treoirthionscadal.
3. De réir phointe 1.1 de Chaibidil 4 den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2008/616/CGB, baineann an ceistneoir a dhréachtaigh meitheal ábhartha na Comhairle le gach ceann de na malartuithe uathoibríocha sonraí agus ní mór do Bhallstát é a fhreagairt a luaithe agus a chreideann sé go gcomhlíonann sé na réamhriachtanais le haghaidh sonraí a chomhroinnt sa chatagóir sonraí ábhartha.
4. Tá an ceistneoir maidir le cosaint sonraí agus an ceistneoir maidir le malartú sonraí dachtalascópacha comhlánaithe ag an **Ríocht Aontaithe**. Chuir **an Ríocht Aontaithe** agus **an Ghearmáin** triail phiolótach rathúil i gcrích le chéile. Tugadh cuairt mheastóireachta ar **an Ríocht Aontaithe** agus rinne foireann meastóireachta **na Gearmáine** tuarascáil ar an gcuart mheastóireachta, tuarascáil a cuireadh ar aghaidh chuig meitheal ábhartha na Comhairle (**12511/19 DAPIX 273 CRIMORG 131 ENFOPOL 417 ENFOCUSTOM 159 JAI 986**).

5. Tíolacadh tuarascáil fhoriomlán mheastóireachta don Chomhairle ina ndéantar achoimre ar thorthaí an cheistneora, na cuairte meastóireachta agus na trialach píolótaí maidir le malartú sonraí **dachtalascópacha (12512/19 DAPIX 274 CRIMORG 132 ENFOPOL 418 ENFOCUSTOM 150 JAI 987)**.
6. Ag an gcrúinniú a bhí ag an Meitheal um Malartú Faisnéise agus um Chosaint Sonraí (DAPIX) ar an **8 Samhain 2019**, aithníodh go gcomhaontaíonn gach Ballstát atá faoi cheangal ag 2008/615/CGB go bhfuil na coinníollacha comhlíonta chun go measfaidh an Chomhairle gurb amhlaidh, chun críoch malartaithe uathoibríoch sonraí i ndáil le sonraí dachtalascópacha, go bhfuil na forálacha ginearálta maidir le cosaint sonraí atá i gCaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB curtha chun feidhme ina n-iomláine ag **an Ríocht Aontaithe**.
7. Ar an mbonn sin, measann an Chomhairle gurb amhlaidh, chun críoch malartaithe uathoibríoch sonraí i ndáil le sonraí **dachtalascópacha**, go bhfuil na forálacha ginearálta maidir le cosaint sonraí atá i gCaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB curtha chun feidhme ina n-iomláine ag **an Ríocht Aontaithe**.
8. Anuas air sin, iarrann an Chomhairle go ndéanfaidh an Ríocht Aontaithe, faoin 15 Meitheamh 2020, athbhreithniú ar an mbeartas atá aige comhaid sonraí dachtalascópacha na n-amhrastach a eisiamh, i bhfianaise na taithí oibríochtúla le malartú sonraí dachtalascópacha Prüm agus *mutatis mutandis* na míniúchán sa tuarascáil ón gcúairt mheastóireachta maidir le malartú sonraí DNA (11545/18). Más rud é, faoin am sin, nach bhfuil fógra tugtha ag **an Ríocht Aontaithe** don Chomhairle go gcuireann sí comhaid sonraí dachtalascópacha na n-amhrastach ar fáil, déanfaidh an Chomhairle, laistigh de thrí mhí, athbhreithniú ar an gcás cibé acu an leanfar de mhalartú uathoibríoch sonraí dachtalascópacha Prüm leis **an Ríocht Aontaithe** nó an bhfoirceannfar é.